Polasaí Iontrála

Coláiste Naomh Eoin
Inis Meáin
Scoilbhliain 2027–2028

Faofa ag Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin ar an

_____

Iontráil sa Chéad Bhliain
Aistrithe go Blianta 2–6
Uimhir rolla 76534Q

Dréacht le faomhadh

Le léamh in éineacht le Fógra Bliantúil maidir le hIontrálacha 2027/2028.

Treoir don doiciméad

Cuid A An scoil agus an ráiteas iontrála 2

Cuid B Iarratais agus leithdháileadh áiteanna 3

Cuid C Cinntí agus socruithe iontrála 4

Cuid D Athbhreithniú agus achomharc 5

Aguisín A Fógra bliantúil 2027/2028 6

Cuid A An scoil agus an ráiteas iontrála

Leagtar amach sa pholasaí seo conas iarratas a dhéanamh ar áit sa Chéad Bhliain nó ar aistriú go Blianta 2–6, conas a dhéantar cinntí agus conas athbhreithniú nó achomharc a lorg. Léitear é in éineacht le Fógra Bliantúil maidir le hIontrálacha na scoilbhliana lena mbaineann.

1 An scoil agus ár misean

Is iar-bhunscoil chomhoideachais, ilchreidmheach í Coláiste Naomh Eoin faoi phátrúnacht Bhord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin (BOOGR). Is scoil oileáin lán-Ghaeilge í agus tá aitheantas aici mar Scoil Ghaeltachta. Is í an Ghaeilge teanga an teagaisc, na foghlama agus ghnáthshaol na scoile. Cuirtear an tSraith Shóisearach, an Idirbhliain agus an Ardteistiméireacht ar fáil.

Cothaímid cuimsiú, folláine agus féinmhuinín ionas gur féidir le gach scoláire barr a chumais nó a cumais a bhaint amach. Ullmhaímid scoláirí le bheith ina saoránaigh ghníomhacha dhomhanda agus cothaímid dúil san fhoghlaim ar feadh an tsaoil. Cuid den ghnáthshaol scoile is ea saibhriú na Gaeilge agus na hoidhreachta Gaelaí.

2 Ráiteas iontrála agus comhionannas

Cuirfidh an scoil fáilte roimh iarratais ó scoláirí as Inis Meáin agus ó áiteanna eile. Agus iarratais á meas, ní dhéanfaidh an scoil idirdhealú ar bhonn inscne, stádais shibhialta, stádais teaghlaigh, treoshuímh ghnéasaigh, reiligiúin, míchumais, cine, ballraíochta den Lucht Siúil ná riachtanas speisialta oideachais, de réir alt 61 den Acht Oideachais, 1998 agus na nAchtanna um Stádas Comhionann.

Ligfear isteach gach scoláire a dhéanann iarratas ach amháin má bhíonn ró-éileamh ar áiteanna, nó má theipeann ar thuismitheoir nó ar chaomhnóir, nó ar an scoláire má tá 18 mbliana d'aois slánaithe aige nó aici, a dheimhniú i scríbhinn, ar iarraidh ón bPríomhoide, go bhfuil glacadh le Cód Iompair na scoile agus go ndéanfar gach iarracht réasúnach a chinntiú go gcomhlíonfar é.

3 Riachtanais speisialta oideachais

Comhoibreoidh an scoil leis an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) faoi Acht 2004 um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu, lena n-áirítear ranganna speisialta a sholáthar agus a reáchtáil ar iarratas ón gComhairle. Comhlíonfaidh an scoil aon ordachán infheidhme faoi alt 37A nó faoi alt 67(4B) den Acht Oideachais, 1998, lena n-áirítear ordachán ón CNOS nó ó Tusla scoláire a ligean isteach.

Cuid B Iarratais agus leithdháileadh áiteanna

4 Iarratas a chur isteach

Is féidir an fhoirm iarratais a fháil ó oifig na scoile nó trí ríomhphost chuig oifig.eoin@gretb.ie. Seoltar an fhoirm chomhlánaithe chuig oifig na scoile de réir threoracha na foirme agus an fhógra bhliantúil. Féadfaidh tuismitheoir nó caomhnóir iarratas a dhéanamh thar ceann scoláire. Féadfaidh scoláire atá 18 mbliana d'aois nó níos sine iarratas a dhéanamh thar a cheann nó thar a ceann féin. Tá cabhair leis an bhfoirm ar fáil ón oifig.

Bunóidh an Príomhoide an cinneadh ar an bpolasaí seo, ar an bhfógra bliantúil agus ar an eolas san iarratas. Féadfaidh an scoil soiléiriú nó fianaise réasúnach a lorg chun critéar foilsithe a fhíorú. Cuirfidh an scoil an polasaí faofa agus an fógra bliantúil ar fáil ar www.colaistenaomheoin.ie agus cuirfidh sí cóip ar fáil ach í a iarraidh i scríbhinn.

5 Critéir mholta i gcás ró-éilimh

Má bhíonn níos mó iarratas tráthúil ná áiteanna ar fáil, cuirfear na critéir seo i bhfeidhm san ord thíos. Maidir le haistrithe, cuirfear i bhfeidhm iad laistigh den bhliain ghrúpa dá bhfuil áit á lorg.

Ord	An Chéad Bhliain	Blianta 2–6
1	Tá gnáthchónaí ar an scoláire in Inis Meáin.	Tá gnáthchónaí ar an scoláire in Inis Meáin.
2	D'fhreastail an scoláire ar bhunscoil ar Inis Meáin.	Tá deartháir nó deirfiúr leis an scoláire cláraithe sa Choláiste faoi láthair.
3	Tá deartháir nó deirfiúr leis an scoláire cláraithe sa Choláiste faoi láthair.	D'fhreastail deartháir nó deirfiúr leis an scoláire ar an gColáiste roimhe seo.
4	D'fhreastail deartháir nó deirfiúr leis an scoláire ar an gColáiste roimhe seo.	Gach iarratas tráthúil eile.
5	Gach iarratas tráthúil eile.	

Cuirfear gach iarratas sa chatagóir is airde a bhaineann leis. Má bhíonn comhionannas laistigh de chatagóir, socrófar ord na n-iarratas sa chatagóir sin le crannchur randamach faoi mhaoirseacht an Phríomhoide agus i láthair finné. Coinneofar taifead den chrannchur agus úsáidfear an t-ord céanna do thairiscintí agus don liosta feithimh.

I measc na nithe atá eisiata ón roghnú faoi alt 62 tá táillí nó ranníocaíochtaí, cumas acadúil, trialacha, agallaimh, gairm nó stádas airgeadais na dtuismitheoirí, agus an dáta ar fuarthas iarratas tráthúil. Beidh feidhm ag na heisiaimh reachtúla eile freisin. Cuirtear tacaíocht teanga ar fáil mar chuid den aistriú chuig an tumoideachas.

Cuid C Cinntí agus socruithe iontrála

6 Aistrithe agus lóistín

Sonróidh an t-iarratasóir an bhliain ghrúpa agus an dáta tosaithe atá á lorg. Déanfaidh an scoil cinneadh de réir líon na n-áiteanna sa bhliain ghrúpa lena mbaineann agus de réir an pholasaí seo. Féadfaidh an teaghlach agus an scoil dul i gcomhairle le chéile faoi leanúnachas ábhar, obair chúrsa agus tacaíochtaí aistrithe.

Tá eolas faoi lóistín le teaghlaigh óstacha ar Inis Meáin ar fáil ó oifig na scoile. Déileáiltear le socruithe lóistín, iompar agus tacaíocht do scoláirí ar leithligh ón gcinneadh iontrála. Ní critéar roghnúcháin é socrú lóistín le teaghlach óstach.

7 Fógra faoin gcinneadh agus liosta feithimh

Cuirfear cinneadh in iúl i scríbhinn laistigh den tréimhse reachtúil. I gcás diúltaithe, tabharfar an chúis, sonraí faoin rangú de réir na gcritéar agus an áit ar an liosta feithimh más infheidhme, agus eolas faoin gceart chun athbhreithnithe agus achomhairc.

Má bhíonn ró-éileamh ann, cuirfear iarratasóirí tráthúla nár tairgeadh áit dóibh ar liosta feithimh san ord a socraíodh faoi alt 5 den pholasaí seo. Má thagann áit chun cinn, tairgfear í don chéad scoláire eile ar an liosta. Beidh an liosta bailí don scoilbhliain lena mbaineann amháin. Is gá iarratas nua a dhéanamh do scoilbhliain eile.

8 Iarratais dhéanacha

Is iarratas déanach aon iarratas a fhaightear i ndiaidh an spriocdháta san fhógra bliantúil. Déileálfar leis de réir ord dáta agus ama a fhaighte. Má bhíonn áit ar fáil tar éis déileáil le hiarratais tráthúla, tairgfear í faoi réir an pholasaí seo. Mura mbíonn áit ar fáil, cuirfear an t-iarratas déanach i ndiaidh na n-iarratas tráthúil ar an liosta feithimh. Cuirfear an cinneadh in iúl i scríbhinn laistigh de thrí seachtaine ón dáta a fuarthas an t-iarratas déanach.

9 Glacadh le tairiscint agus tairiscint a tharraingt siar

Chun glacadh le háit, cuirtear an Fhoirm Ghlactha chomhlánaithe ar ais faoin spriocdháta san fhógra bliantúil nó, i gcás tairiscint níos déanaí, faoin spriocdháta a luaitear sa tairiscint. Sonróidh an t-iarratasóir aon iarratas eile atá fós ag feitheamh ar thairiscint agus aon tairiscint ó scoil eile ar glacadh léi, mar aon le sonraí na scoile nó na tairisceana de réir alt 64 den Acht Oideachais, 1998.

Féadfar tairiscint a tharraingt siar má bhí eolas san iarratas bréagach nó míthreorach maidir le ní ábhartha, mura ndeimhnítear glacadh leis an tairiscint faoin spriocdháta, mura soláthraítear an fhaisnéis riachtanach faoi iarratais nó tairiscintí eile, nó mura dtugtar an deimhniú scríofa maidir leis an gCód Iompair nuair a iarrtar é de réir an Achta. Cuirfear an chúis in iúl i scríbhinn.

Cuid D Athbhreithniú agus achomharc

10 Athbhreithniú ag an mBord Bainistíochta

Má dhiúltaítear áit, féadfaidh an t-iarratasóir athbhreithniú a lorg faoi alt 29C den Acht Oideachais, 1998. Cuirtear an iarraidh i scríbhinn chuig an mBord Bainistíochta, trí oifig na scoile, laistigh de 21 lá féilire ó dháta an chinnidh diúltaithe. Tá an fhoirm BOMR1 ar fáil ón scoil agus ar gov.ie. Luaitear na forais a bhaineann le cur i bhfeidhm an pholasaí agus ábhar an fhógra bhliantúil.

11 Achomharc faoi alt 29

Má ba ró-éileamh an chúis leis an diúltú, ní mór athbhreithniú an Bhoird Bainistíochta a lorg ar dtús. Féadfar achomharc a dhéanamh nuair a fhaightear toradh an athbhreithnithe nó nuair a bhíonn 42 lá féilire caite ón gcinneadh diúltaithe, cibé acu is túisce.

Má diúltaíodh áit ar chúis eile, féadfar achomharc díreach a dhéanamh faoi alt 29 nó athbhreithniú an Bhoird a lorg ar dtús. Sa dá chás, cuirtear an t-achomharc isteach laistigh de 63 lá féilire ó dháta an chinnidh bhunaidh diúltú d'iontráil, de réir nósanna imeachta na Roinne. Is féidir achomharc a chur isteach ag www.section29appeals.gov.ie nó an fhoirm chuí a fháil ar gov.ie.

12 Freagracht agus cosaint sonraí

Cuireann an Príomhoide an polasaí i bhfeidhm thar ceann an Bhoird Bainistíochta. Coinnítear agus úsáidtear faisnéis iarratais chun críocha iontrála agus na ndualgas gaolmhar, de réir reachtaíocht cosanta sonraí agus fhógra príobháideachais na scoile. Teorannaítear rochtain ar an bhfaisnéis do dhaoine a bhfuil feidhm chuí acu sa phróiseas.

Déanfaidh an Bord Bainistíochta athbhreithniú ar an bpolasaí de réir mar is gá agus cuirfidh sé aon leasuithe faoi bhráid BOOGR lena bhfaomhadh de réir na gceanglas reachtúil. Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an scoil ar 099 73991 nó ag oifig.eoin@gretb.ie.

Taifead faofa	Dáta
Glactha ag an mBord Bainistíochta	10/07/2026
Faofa ag BOOGR	_____
Dáta feidhme	Deireadh Fómhair 2026-LÚNASA 2027

Foinsí reachtúla agus nósanna imeachta

An tAcht Oideachais, 1998, arna leasú, go háirithe alt 29 agus Cuid X. An tAcht Oideachais (Ligean Isteach i Scoileanna), 2018. Rialacháin Iontrála 2020 (I.R. Uimh. 17 de 2020). Nósanna imeachta na Roinne maidir le hachomhairc faoi alt 29.

Aguisín A Fógra bliantúil 2027/2028

Mír	An Chéad Bhliain	Aistrithe Blianta 2–6
Dáta foilsithe an fhógra	1 Deireadh Fómhair 2026	1 Deireadh Fómhair 2026
Tréimhse sa ró dar teideal «Tús le glacadh iarratas»	1 Deireadh Fómhair 2026 go 22 Márta 2027	1 Deireadh Fómhair 2026 go 22 Márta 2027
Spriocdháta iarratais	1 Feabhra 2027	1 Feabhra 2027
Tairiscint nó diúltú le cur in iúl faoin dáta seo	30 Meitheamh 2027	30 Meitheamh 2027
Spriocdháta glactha	7 Iúil 2027	7 Iúil 2027
Áiteanna ar fáil	10	De réir folúntas sa bhliain ghrúpa

Sonraítear 0 áit i rang speisialta sa bhfógra. De réir an fhógra, ní raibh ró-éileamh ar áiteanna in 2026/2027.